2025/215

31.1.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/215 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Eanáir 2025

lena gcinntear, ar feadh tréimhse theoranta, go bhfuil an creat rialála is infheidhme i leith contrapháirtithe lárnacha i Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann coibhéiseach, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála ([1]) agus go háirithe Airteagal 25(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An nós imeachta maidir le haitheantas a thabhairt do chontrapháirtithe lárnacha ('CPLanna') atá bunaithe i dtríú tíortha a leagtar amach in Airteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, is é is aidhm dó, i gcás CPLanna atá bunaithe agus údaraithe i dtríú tíortha a bhfuil a gcaighdeáin rialála coibhéiseach leo sin a leagtar síos sa Rialachán sin, a cheadú dóibh seirbhísí imréitigh a sholáthar do chomhaltaí imréitigh nó d'ionaid trádála atá bunaithe san Aontas. Dá bhrí sin, leis an nós imeachta sin maidir le haitheantas a thabhairt agus leis na cinntí coibhéise dá bhforáiltear ann, rannchuidítear le haidhm uileghabhálach Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a bhaint amach, mar atá an riosca sistéimeach a laghdú, tríd an úsáid a bhaintear as CPLanna sábháilte fónta a leathnú amach chun conarthaí díorthacha thar an gcuntar a imréiteach, lena n-áirítear cásanna ina bhfuil na CPLanna sin bunaithe agus údaraithe i dtríú tír.

(2) Chun go measfaí córas dlí tríú tír a bheith coibhéiseach le córas dlí an Aontais i leith CPLanna, ba cheart toradh substainteach na socruithe dlíthiúla agus maoirseachta is infheidhme a bheith coibhéiseach le ceanglais an Aontais i leith na gcuspóirí rialála a bhaintear amach leis na socruithe sin. Dá bhrí sin, is é is aidhm don mheasúnú coibhéise sin a fhíorú an áirithítear le socruithe dlíthiúla agus maoirseachta an tríú tír lena mbaineann nach ndéanfaidh na CPLanna atá bunaithe agus údaraithe ann sin comhaltaí imréitigh agus ionaid trádála atá bunaithe san Aontas a fhágáil neamhchosanta ar leibhéal riosca is airde ná an leibhéal a bhféadfadh CPLanna atá údaruithe san Aontas iad a fhágáil neamhchosanta air agus, dá bhrí sin, nach mbaineann leibhéil riosca shistéimigh leo atá doghlactha san Aontas.

(3) Dá bhrí sin, an measúnú an bhfuil socruithe dlíthiúla agus maoirseachta Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ('an Ríocht Aontaithe') coibhéiseach le socruithe an Aontais, ba cheart é a bhunú ní hamháin ar anailís chomparáideach ar na ceanglais atá ceangailteach ó thaobh dlí, ceanglais a bhfuil feidhm acu maidir le CPLanna sa Ríocht Aontaithe, ach ina theannta sin ar mheasúnú ar thoradh na gceanglas sin, agus ar a leordhóthanacht maidir leis na rioscaí a mhaolú ar a bhféadfadh comhaltaí imréitigh agus ionaid trádála atá bunaithe san Aontas a bheith ar neamhchosaint.

(4) Le himréiteach lárnach, méadaítear trédhearcacht an mhargaidh, maolaítear an riosca creidmheasa agus laghdaítear an riosca tógálachta i gcás mainneachtain rannpháirtí amháin nó níos mó in CPL. Dá bhrí sin, tá soláthar seirbhísí den sórt sin criticiúil chun an chobhsaíocht airgeadais a choimirciú. Thairis sin, tá ionstraimí airgeadais arna n-imréiteach ag CPLanna fíor-riachtanach d'idirghabhálaithe airgeadais agus dá gcliaint, mar shampla chun rioscaí maidir leis an ráta úis a fhálú, rud a bhfuil impleachtaí aige ar fheidhmiú an fhíorgheilleagair san Aontas.

(5) Ón 31 Nollaig 2023, de réir an Bhainc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta thart ar EUR 603 thrilliún ar fud an domhain a bhí i méid barúlach gan íoc na ndíorthach thar an gcuntar, arb iad díorthaigh ráta úis 80 % acu agus díorthaigh malairte eachtraigh beagnach 18 % acu. Sloinntear níos mó ná 30 % de dhíorthaigh thar an gcuntar in euro agus airgeadraí eile de chuid na mBallstát. Tá an margadh le haghaidh imréiteach lárnach díorthach thar an gcuntar fíor-chomhchruinnithe, go háirithe an margadh le haghaidh imréiteach lárnach díorthach ráta úis thar an gcuntar arna sloinneadh in euro, a ndéanann CPL amháin atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe níos mó ná 90 % acu a imréiteach ('CPL na Ríochta Aontaithe').

([1]) IO L 201, 27.7.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/648/oj.

(6) Sa chomhthéacs inar imréitíodh méid mór idirbheart airgeadais a bhí sloinnte in euro agus in airgeadraí eile na mBallstát trí CPLanna na Ríochta Aontaithe, le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an margadh inmheánach agus as creat rialála, maoirseachta agus forfheidhmithe an Aontais a bhfuil an earnáil airgeadais faoina réir, cruthaíodh mórdhúshláin d'Údaráis an Aontais agus na mBallstát maidir leis an gcobhsaíocht airgeadais a choimirciú.

(7) Chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí don chobhsaíocht airgeadais a d'fhéadfadh eascairt as míshocracht thobann i soláthar imréitigh díorthach ag CPLanna na Ríochta Aontaithe do chomhaltaí imréitigh an Aontais agus dá gcliaint, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1308 ([2]) an 21 Meán Fómhair 2020. Leis an gCinneadh sin, cinntear go meastar go bhfuil an creat rialála is infheidhme maidir le CPLanna na Ríochta Aontaithe coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. Ní raibh feidhm ag an gCinneadh sin ach ar feadh tréimhse theoranta a chuaigh in éag an 30 Meitheamh 2022.

(8) Le linn 2021, bhunaigh an Coimisiún meitheal (i gcomhar leis an mBanc Ceannais Eorpach, na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha agus an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach) chun na deiseanna agus na dúshláin a fhiosrú a bhaineann le díorthaigh a aistriú ón Ríocht Aontaithe chuig an Aontas. Ba léir ón bplé a rinne an mheitheal sin gur ghá bearta éagsúla a mhéadódh tarraingteacht an imréitigh, a spreagfadh forbairt an bhonneagair, agus a d'athchóireodh na socruithe maidir le maoirsiú, chun acmhainneacht láidir tharraingteach le haghaidh an imréitigh lárnaigh a thógáil san Aontas sna blianta atá le teacht. Ní fhéadfaí an aidhm sin a bhaint amach faoi mhí an Mheithimh 2022 de cheal ama. Dá bhrí sin, an 8 Feabhra 2022, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/174 ([3]). Rachaidh an Cinneadh sin in éag an 30 Meitheamh 2025.

(9) De réir Airteagal 25(6) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, socruithe dlíthiúla agus maoirseachta tríú tír maidir le CPLanna atá údaraithe inti, déanfar trí choinníoll a chomhlíonadh chun a chinneadh go bhfuil siad coibhéiseach leis na socruithe a leagtar síos sa Rialachán sin.

(10) Sa chéad áit, ní mór a áirithiú leis na socruithe dlíthiúla agus maoirseachta atá ag tríú tír go gcomhlíonann na CPLanna sa tríú tír sin ceanglais atá ceangailteach ó thaobh an dlí de agus atá coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos i dTeideal IV de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. Tá forálacha ábhartha Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ionchorpraithe ina dlí náisiúnta ag an Ríocht Aontaithe, le héifeacht ó dháta tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas ([4]), agus, dá bhrí sin, is féidir a mheas go bhfuil dlí náisiúnta na Ríochta Aontaithe coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar amach i dTeideal IV de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

(11) Sa dara háit, ní mór a áirithiú le socruithe dlíthiúla agus maoirseachta an tríú tír go bhfuil na CPLanna atá bunaithe sa tríú tír sin faoi réir maoirseacht agus forfheidhmiú éifeachtach ar bhonn leanúnach. Go dtí an 31 Nollaig 2020, bhí CPLanna na Ríochta Aontaithe faoi mhaoirseacht Bhanc Shasana, mar a chinntear le dlí náisiúnta na Ríochta Aontaithe i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ([5]). Mar chuid d'ionchorprú Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 i ndlí náisiúnta na Ríochta Aontaithe, leanann Banc Shasana de bheith freagrach as maoirseacht CPLanna i ndiaidh an dáta sin agus ní bheartaítear ná ní mheastar go dtiocfaidh aon athrú mór ar an maoirseacht sin.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1308 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2020 lena gcinntear, ar feadh tréimhse theoranta, go bhfuil an creat rialála is infheidhme i leith contrapháirtithe lárnacha i Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann coibhéiseach i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 306, 21.9.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2020/1308/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/174 ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2022 lena gcinntear, ar feadh tréimhse theoranta, go bhfuil an creat rialála is infheidhme i leith contrapháirtithe lárnacha i Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann coibhéiseach i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 28, 9.2.2022, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/174/oj).

([4]) Tar éis dheireadh na hidirthréimhse, le roinnt píosaí de reachtaíocht na Ríochta Aontaithe soláthraítear creat rialála agus maoirseachta lena gcumhdaítear seirbhísí imréitigh sa Ríocht Aontaithe. Áirítear leis sin, ach níl sé teoranta dóibh, the European Union (Withdrawal) Act 2018 [Acht an Aontais Eorpaigh (Tarraingt Siar) 2018], The Over the Counter Derivatives, Central Counterparties and Trade Repositories (Amendment, etc., and Transitional Provision) (EU Exit) Regulations 2020 [Na Rialacháin maidir le Díorthaigh Thar an gCuntar, Contrapháirtithe Lárnacha agus Stórtha Trádála 2020 (Leasú, etc., agus Foráil Idirthréimhseach) (Imeacht as AE)], the Financial Services (Consequential Amendments) Regulations 2020 [na Rialacháin maidir le Seirbhísí Airgeadais 2020 (Leasuithe Iarmhartacha)] agus the Financial Services Contracts (Transitional and Saving Provision) (EU Exit) Regulations 2019 [Na Rialacháin maidir le Conarthaí Seirbhísí Airgeadais 2019 (Foráil Idirthréimhseach agus Maolaithe) (Imeacht as AE)].

([5]) Cuid 5 de *The Financial Services and Markets Act 2000 (Over the Counter Derivatives, Central Counterparties and Trade Repositories) Regulations 2013* [Rialacháin 2013 (Díorthaigh Thar an gCuntar, Contrapháirtithe Lárnacha agus Stórtha Trádála) a bhaineann leis an Acht um Sheirbhísí Airgeadais agus Margaí 2000].

(12) Sa tríú háit, le creat dlí an tríú tír ní mór córas coibhéiseach éifeachtach a sholáthar chun aitheantas a thabhairt do CPLanna a údaraítear faoi chóras dlí an tríú páirtí sin. Tá na príomhghnéithe den chóras coibhéise dá bhforáiltear in Airteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ionchorpraithe ina dlí náisiúnta ag an Ríocht Aontaithe. Mar sin féin, tá Córas Aitheantais Shealadaigh tugtha isteach ag an Ríocht Aontaithe, lena gcuirtear príomhleasuithe áirithe ar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ar fionraí ar feadh 3 bliana ar a laghad. Leis an gCóras Aitheantais Shealadaigh sin, tugtar cumhachtaí lánroghnacha leathana do Bhanc Shasana an 'aitheantas sealadach a mheastar a bheith ann' a tharraingt siar, rud a chruthaíonn éiginnteacht dhlíthiúil i dtaobh na CPLanna a aithnítear faoin gcóras sin. D'ainneoin na héiginnteachta sin, is féidir a mheas go gcomhlíontar an tríú coinníoll i láthair na huaire.

(13) Ós rud é go meastar go gcomhlíontar na trí choinníoll, ba cheart a mheas go bhfuil socruithe dlíthiúla agus maoirseachta na Ríochta Aontaithe is infheidhme maidir le CPLanna na Ríochta Aontaithe a bhí bunaithe agus údaraithe cheana féin an 31 Nollaig 2020 coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

(14) Tá an Cinneadh seo bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil faoi láthair don Choimisiún faoi na socruithe dlíthiúla agus maoirseachta is infheidhme maidir le CPLanna na Ríochta Aontaithe. Níor cheart a mheas go bhfuil na socruithe sin coibhéiseach ach amháin a mhéid a dhéanfar na ceanglais is infheidhme maidir le CPLanna i ndlí náisiúnta na Ríochta Aontaithe a choinneáil ar bun, a chur i bhfeidhm, agus a fhorfheidhmiú. Ní fhéadfar an t-aitheantas coibhéise a choinneáil ar bun ach amháin sa chás nach ndéanfaidh athruithe a dhéanfar feasta ar chreat rialála agus maoirseachta na Ríochta Aontaithe difear diúltach don choibhéis i dtéarmaí rialála nó maoirseachta, difear a mbeidh éagothroime idir CPLanna na Ríochta Aontaithe agus CPLanna atá bunaithe san Aontas nó rioscaí don chobhsaíocht airgeadais san Aontas mar thoradh air. Ós rud é go bhféadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh an Cinneadh seo a leasú, a chur ar fionraí, a athbhreithniú nó a chúlghairm tráth ar bith, go háirithe i gcás forbairtí a dhéanfaidh difear don chinneadh maidir le coibhéis, is réamhriachtanais iad malartú éifeachtach faisnéise agus comhordú gníomhaíochtaí maoirseachta idir an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) agus Banc Shasana chun an t-aitheantas coibhéise a choinneáil ar bun go dtí dáta éaga an Chinnidh seo.

(15) Chun faisnéis a mhalartú idir ESMA agus Banc Shasana is gá socruithe comhair cuimsitheacha agus éifeachtacha a chur i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 25(7) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. Ba cheart a áirithiú leis na socruithe comhair sin go ndéanfar an fhaisnéis ábhartha uile a roinnt go tráthúil leis na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 25(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, lena n-áirítear an Banc Ceannais Eorpach agus comhaltaí eile an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais, chun dul i gcomhairle leis na húdaráis sin maidir le stádas aitheanta CPLanna na Ríochta Aontaithe nó i gcás ina mbeidh gá ag na húdaráis sin leis an bhfaisnéis sin chun a gcúraimí maoirseachta a dhéanamh.

(16) Ba cheart a áirithiú leis na socruithe comhair a bunaíodh de bhun Airteagal 25(7) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 go mbeidh rochtain láithreach agus leanúnach ag ESMA ar an bhfaisnéis uile, lena n-áirítear faisnéis lenar féidir measúnú a dhéanamh ar aon riosca ábhartha a chruthaíonn CPLanna na Ríochta Aontaithe don Aontas nó dá Bhallstáit, bíodh sin go díreach nó go hindíreach. Sonrófar sna socruithe comhair sin na sásraí agus na nósanna imeachta le haghaidh malartú pras faisnéise a bhaineann le gníomhaíochtaí imréitigh CPLanna na Ríochta Aontaithe i leith ionstraimí airgeadais a shloinntear in airgeadraí an Aontais chuig ionaid trádála, rannpháirtithe imréitigh agus fochuideachtaí d'institiúidí creidmheasa agus de ghnólachtaí infheistíochta an Aontais; chuig na socruithe idir-inoibritheachta le contrapháirtithe CPLanna eile, le hacmhainní dílse, le comhdhéanamh agus calabrú cistí mainneachtana, le corrlaigh, le hacmhainní leachtacha, le punanna comhthaobhacha lena n-áirítear calabrúcháin caolchorrlaigh, agus le tástálacha struis. Sonrófar sna socruithe comhair sin freisin na sásraí agus na nósanna imeachta chun fógra pras a thabhairt faoi athrú ar bith a dhéanfaidh difear do CPLanna na Ríochta Aontaithe nó do shocruithe dlíthiúla agus maoirseachta na Ríochta Aontaithe is infheidhme maidir le CPLanna na Ríochta Aontaithe agus chun fógra pras a thabhairt do ESMA faoi fhorbairt ar bith maidir le CPLanna na Ríochta Aontaithe a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don bheartas airgeadaíochta san Aontais. Anuas air sin, ní mór do Bhanc Shasana comhoibriú go dlúth le húdaráis an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 25(7) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. Go háirithe, tá sé tábhachtach go mbeidh socruithe éifeachtacha comhair idir ESMA agus údaráis fhreagracha na Ríochta Aontaithe maidir le comhordú a ngníomhaíochtaí maoirseachta, lena n-áirítear go háirithe nósanna imeachta chun déileáil le haon staid éigeandála a bhaineann le CPLanna aitheanta na Ríochta Aontaithe a bhfuil nó ar dócha go mbeidh éifeacht dhíobhálach aici ar leachtacht an mhargaidh nó ar chobhsaíocht chóras airgeadais an Aontais.

(17) Táthar ag súil go gcuirfidh údaráis na Ríochta Aontaithe an tAontas ar an eolas maidir leis na hathruithe uile ar chreat rialála nó maoirseachta na Ríochta Aontaithe a dhéanfaidh difear do sholáthar seirbhísí imréitigh sa Ríocht Aontaithe. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar le ESMA, faireachán ar aon athrú a thabharfar isteach sna socruithe dlíthiúla agus maoirseachta lena ndéanfar difear do sholáthar seirbhísí imréitigh sa Ríocht Aontaithe, d'fhorbairtí sa mhargadh agus d'éifeachtacht an chomhair maoirseachta, lena n-áirítear malartú pras faisnéise idir ESMA agus Banc Shasana. Féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh tráth ar bith i gcás ina bhfágfaidh forbairtí ábhartha gur gá athmheasúnú a dhéanamh ar an gcoibhéis a dheonaítear leis an gCinneadh seo, go háirithe mura gcomhoibríonn údaráis na Ríochta Aontaithe go héifeachtach, mura gceadaíonn siad measúnú éifeachtach ar an riosca a chruthaíonn CPLanna na Ríochta Aontaithe don Aontas nó dá mBallstáit nó má chuireann gníomhaíochtaí CPLanna na Ríochta Aontaithe nó Bhanc Shasana iomaíocht mhíchuí agus éagórach chun cinn.

(18) Ba é tionchar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas b'ábhar do roinnt teachtaireachtaí ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an mBanc Ceannais Eorpach, lena n-áirítear Teachtaireacht maidir le hoscailteacht, neart agus athléimneacht a chothú ([6]). Sa teachtaireacht sin, bhí coinne soiléir go laghdódh comhaltaí imréitigh an Aontais a neamhchosaintí agus a spleáchas ar CPLanna na Ríochta Aontaithe a bhfuil tábhacht shistéamach leo don Aontas, go háirithe neamhchosaintí díorthach thar an gcuntar arna sloinneadh in euro agus in airgeadraí eile de chuid na mBallstát. Ina dhiaidh sin, d'iarr an Coimisiún ar rannpháirtithe margaidh an Aontais a neamhchosaintí iomarcacha ar CPLanna sistéamacha lasmuigh den Aontas a laghdú sa mheántéarma. D'athdhearbhaigh an Coimisiún an glao sin i dteachtaireacht uaidh dar teideal *The European economic and financial system: fostering openness, strength and resilience* [Córas eacnamaíoch agus airgeadais na hEorpa: oscailteacht, neart agus athléimneacht a chothú] i mí Eanáir 2021 ([7]).

(19) An 7 Nollaig 2022, ghlac an Coimisiún togra chun Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a leasú chun seirbhísí imréitigh an Aontais a dhéanamh níos tarraingtí agus níos athléimní, rud lena dtacaítear le huathriail straitéiseach oscailte an Aontais agus lena gcaomhnaítear an chobhsaíocht airgeadais. Bhí sé d'aidhm ag an togra sin borradh a chur faoi tharraingteacht mhargaí imréitigh an Aontais agus soláthar seirbhísí imréitigh san Aontas a fhorbairt, agus cuíchóiriú an phróisis chun táirgí nua a thabhairt chuig an margadh á chur san áireamh. Bhí sé d'aidhm ag an togra sin freisin aghaidh a thabhairt ar na rioscaí cobhsaíochta airgeadais a bhaineann le neamhchosaintí iomarcacha chomhaltaí imréitigh agus chliaint an Aontais ar CPLanna tríú tír (CPLanna Leibhéal 2) a bhfuil tábhacht shistéamach ag baint leo agus a sholáthraíonn seirbhísí imréitigh atá sainaitheanta ag ESMA mar sheirbhísí imréitigh a bhfuil tábhacht shistéamach shubstaintiúil ag baint leo de bhun Airteagal 25(2c) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

(20) Rialachán (AE) Uimh. 2024/2987 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]) lenar tugadh na rialacha nua sin isteach i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, foilsíodh é in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* an 4 Nollaig agus tháinig sé i bhfeidhm an 24 Nollaig 2024. Cuideoidh na rialacha nua sin le seirbhísí imréitigh an Aontais a dhéanamh níos tarraingtí agus níos láidre, leis an gcobhsaíocht airgeadais a chaomhnú, agus le tacú le haontas margaí caipitil dea-fheidhmiúil. Leis na rialacha nua, déanfar é a chur ar a chumas do CPLanna an Aontais táirgí nua a thabhairt chuig margadh an Aontais níos tapúla, rud a thabharfaidh dreasacht do rannpháirtithe sa mhargadh leachtacht a imréiteach agus a fhorbairt ag CPLanna an Aontais. Fágfaidh na rialacha nua freisin go mbeidh córas imréitigh níos sábháilte agus níos athléimní ann trí fheabhas a chur ar chreat maoirseachta an Aontais do CPLanna, rud a threiseoidh ról ESMA. Leis an gcreat nua, cuirfear freisin le laghdú an spleáchais iomarcaigh ar CPLanna sistéamacha i dtríú tíortha trí cheangal a chur ar na rannpháirtithe uile sa mhargadh lena mbaineann cuntais ghníomhacha a bheith acu ag CPLanna an Aontais agus trí chion ionadaíoch de chonarthaí díorthach sistéamacha áirithe a imréiteach laistigh den mhargadh aonair.

([6]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an mBanc Ceannais Eorpach an 4 Bealtaine 2017, 'Freagairt ar dhúshláin do bhonneagair margaidh airgeadais chriticiúla agus forbairt bhreise a dhéanamh ar an Aontas Margaí Caipitil' (COM (2017) 225 final), Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta an 19 Iúil 2018, 'Ullmhúchán do tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach an 30 Márta 2019' (COM(2018) 556 final) agus Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta an 13 Samhain 2018, 'Ullmhúchán do tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach an 30 Márta 2019: Plean Gníomhaíochta Teagmhasach' (COM/2018/880 final), Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún an 19 Eanáir 2021, 'Córas eacnamaíoch agus airgeadais na hEorpa: oscailteacht, neart agus athléimneacht a chothú' (COM(2021) 32 final).

([7]) Teachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Eanáir 2021 chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: *The European economic and financial system: fostering openness, strength and resilience* [Córas eacnamaíoch agus airgeadais na hEorpa: oscailteacht, neart agus athléimneacht a chothú] (COM(2021) 32 final).

([8]) Rialachán (AE) 2024/2987 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 575/2013 agus (AE) 2017/1131 a mhéid a bhaineann le bearta chun neamhchosaintí iomarcacha ar chontrapháirtithe lárnacha tríú tír a mhaolú agus chun éifeachtúlacht mhargaí imréitigh an Aontais a fheabhsú (IO L, 2024/2987, 4.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2987/oj).

(21) De réir Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, arna leasú le Rialachán (AE) 2024/2987, tá feidhm ag na ceanglais maidir le cuntais ghníomhacha ón 24 Nollaig 2024, agus ní bheidh feidhm ag an oibleagáid líon áirithe trádálacha sna cuntais ghníomhacha sin a imréiteach ach ón 24 Meitheamh 2025 ar aghaidh. Faoin 25 Meitheamh 2026, déanfaidh ESMA, i ndlúthchomhar leis an gCóras Eorpach um Bhainc Ceannais agus leis an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach, agus tar éis dó dul i gcomhairle leis an Sásra Faireacháin Comhpháirteach, measúnú ar éifeachtacht an Rialacháin sin maidir le maolú a dhéanamh ar na rioscaí cobhsaíochta airgeadais don Aontas arb é atá iontu neamhchosaintí chontrapháirtithe an Aontais ar na CPLanna Leibhéal 2 sin a thairgeann seirbhísí a bhfuil tábhacht shistéamach shubstaintiúil ag baint leo. Faoin Rialachán sin, ceanglaítear ar an gCoimisiún a thuarascáil féin a ullmhú laistigh de 6 mhí ina dhiaidh sin.

(22) Is iomchuí, dá bhrí sin, Cinneadh a ghlacadh lena n-aithnítear go bhfuil an creat rialála is infheidhme maidir le contrapháirtithe lárnacha sa Ríocht Aontaithe coibhéiseach leis an gcreat arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, agus cur i bhfeidhm an Chinnidh sin á theorannú do 3 bliana tar éis dháta a chur i bhfeidhm an tráth céanna. Thabharfadh sé sin dóthain ama chun go dtiocfadh na ceanglais maidir le cuntas gníomhach i bhfeidhm agus chun go bhféadfadh ESMA agus an Coimisiún measúnú a dhéanamh ar a thionchar ar neamhchosaint chontrapháirtithe an Aontais ar CPLanna Leibhéal 2.

(23) Chun aon chur isteach a sheachaint ar an aitheantas a thugann ESMA do CPLanna na Ríochta Aontaithe, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ón lá tar éis dháta éaga Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/174.

(24) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste Eorpach um Urrúis,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Chun críocha Airteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, maidir le socruithe dlíthiúla agus maoirseachta Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann is infheidhme maidir le contrapháirtithe lárnacha a bhí bunaithe agus údaraithe cheana féin i Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann an 31 Nollaig 2020, measfar go bhfuil siad coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2025 ar aghaidh.

Rachaidh sé in éag an 30 Meitheamh 2028.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Eanáir 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN